# RIALACHÁN (CE) Uimh. 1337/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Nollaig 2008

## lena mbunaítear saoráid chun freagairt thapa a thabhairt ar an ardú as cuimse atá ag teacht ar phraghsanna bia i dtíortha atá i mbéal forbartha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 179(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I ngeall ar an luaineacht atá ag gabháil do phraghsanna bia, is iomaí tír agus pobal atá i mbéal forbartha atá i gcruachás. I ngeall ar an ngéarchéim bia seo, agus i ngeall ar an ngéarchéim airgeadais agus fuinnimh agus an trochlú comhshaoil atá tagtha sna sála uirthi, tá an baol ann go bhfágfar na céadta milliún duine beo bocht, faoi ocras agus faoi dhroch-chothú, agus caithfear breis dlúthpháirtíochta a chruthú leis na pobail sin. Thabharfadh na sonraí uile atá le fáil maidir lena bhfuil i ndán do na margaí bia le fios go bhféadfadh an luaineacht ard seo i bpraghsanna bia leanúint ar aghaidh sna blianta atá amach romhainn.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, saoráid maoinithe a bhunú leis an Rialachán seo, mar chomhlánú ar ionstraimí reatha bheartais forbartha an Aontais Eorpaigh, chun freagairt thapa a thabhairt ar an ngéarchéim atá mar thoradh ar luaineacht na bpraghsanna bia i dtíortha atá i mbéal forbartha.

(3) Dearbhaítear sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt ([2]), arna ghlacadh ag an gComhairle agus ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle, ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gCoimisiún an 20 Nollaig 2005, go leanfaidh an Comhphobal Eorpach (dá ngairfear 'an Comhphobal' anseo feasta) den obair chun sábháilteacht an tsoláthair bia a fheabhsú ar leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta, agus ba cheart go gcuideodh an Rialachán seo leis an sprioc sin a bhaint amach.

(4) An 22 Bealtaine 2008 ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir leis an ardú ar phraghsanna bia san Aontas Eorpach agus sna tíortha atá i mbéal forbartha, inar áitíodh ar an gComhairle comhsheasmhacht a áirithiú sna beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta uile a bhaineann le bia lena ndírítear ar chomhlíonadh an chirt chun bia.

(5) Sa chruinniú a bhí aici an 20 Meitheamh 2008, rinne an Chomhairle Eorpach athdhaingniú láidir ar an ngealltanas a rinne sí sprioc chomhchoiteann Cúnaimh Oifigiúil Forbraíochta (COF) 0,56 % den Olltáirge Náisiúnta (OTN) a bhaint amach faoi 2010 agus 0,7 % OTN faoi 2015, mar a leagadh amach i gconclúidí na Comhairle an 24 Bealtaine 2005, i gconclúidí na Comhairle Eorpaí an 16 agus an 17 Meitheamh 2005 agus sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt.

(6) Agus é á aithint aici sna conclúidí a chuir sí amach an 20 Meitheamh 2008 go raibh praghsanna arda bia ag goilleadh ar na pobail ba bhoichte ar domhan, agus go raibh an dul chun cinn i dtreo bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna) á chur i mbaol aige, ghlac an Chomhairle Eorpach Clár Oibre don Gníomhaíocht maidir le SFManna, ina ndearbhaítear go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta, mar a dúradh i nDearbhú Chomhdháil Ardleibhéil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) an 5 Meitheamh 2008 maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (Dearbhú Chomhdháil FAO), comhpháirtíocht dhomhanda a chur chun cinn don bhia agus don talmhaíocht, agus gur mian leis ról suntasach a bheith aige agus cuid den bhearna maoinithe atá i réimse na talmhaíochta, i réimse shábháilteacht an tsoláthair bia agus i réimse na forbartha tuaithe, a líonadh faoi 2010.

(7) Dúradh freisin i gconclúidí na Comhairle Eorpaí maidir leis sin go gcuirfidh an tAontas Eorpach freagairt idirnáisiúnta níos comhordaithe agus níos fadtéarmaí chun cinn maidir leis an ngéarchéim reatha sa soláthar bia, go háirithe laistigh de na Náisiúin Aontaithe (NA) agus sna hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, go gcuireann an Chomhairle Eorpach fáilte freisin roimh Thascfhórsa Ardleibhéil maidir leis an nGéarchéim Dhomhanda i Sábháilteacht an tSoláthair Bia a bhunaigh Ard-Rúnaí na NA agus go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta páirt iomlán a ghlacadh i gcur chun feidhme Dhearbhú Chomhdháil FAO maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain. Tá Réim Cuimsitheach Gníomhaíochta (RCG) glactha ag Tascfhórsa Ardleibhéil na NA agus tá tionscnaimh dá gcuid féin seolta ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag eagraíochtaí réigiúnacha. Dúradh freisin i gconclúidí na Comhairle Eorpaí go dtacóidh an tAontas Eorpach le freagairt láidir i

([1]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Nollaig 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2008.

([2]) Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile laistigh den Chomhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir le Beartas Forbartha an Aontais Eorpaigh: 'An Comhdhearcadh Eorpach' (IO C 46, 24.2.2006, lch. 1).

dtaobh táirgí talmhaíochta a sholáthar sna tíortha atá i mbéal forbartha, agus go soláthróidh sé, go háirithe, an maoiniú is gá d'ionchuir talmhaíochta agus do chúnamh maidir le hionstraimí bainistíochta riosca atá margadh-bhunaithe a úsáid, agus go gcuirfidh sé go mór leis an tacaíocht a thugann sé d'infheistíochtaí poiblí agus d'infheistíochtaí príobháideacha sa talmhaíocht agus, ar shlí níos ginearálta, go spreagfaidh sé na tíortha atá i mbéal forbartha chun beartais talmhaíochta níos fearr a fhorbairt, go háirithe go dtacóidh sé le sábháilteacht an tsoláthair bia agus go neartóidh sé an lánpháirtiú réigiúnach agus go n-úsáidfidh an tAontas Eorpach acmhainní freisin chun bearta tarrthála, agus ní cabhair bia amháin, a mhaoiniú do phobail bhochta leochaileacha.

(8) Tá costas an-ard ar na riachtanais airgeadais agus ar na riachtanais ábhartha is gá chun dul i ngleic go hiomlán leis na hiarmhairtí agus na cúiseanna a bhíonn ag praghsanna arda bia. Ba cheart gurb ón bpobal idirnáisiúnta ina iomláine a thiocfadh an fhreagairt agus tá dícheall déanta ag an gComhphobal lena chion féin den fhreagairt a dhéanamh. I gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2008, fáiltíodh roimh an rún a bhí ag an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh maidir le ciste nua chun tacú leis an talmhaíocht sna tíortha atá i mbéal forbartha, faoi chuimsiú na bpeirspictíochtaí reatha airgeadais.

(9) Ba cheart go ndíreodh straitéis freagartha an Chomhphobail go háirithe ar fhreagairt dhearfach i ndáil le soláthar, gearrthéarmach agus meántéarmach, ón earnáil talmhaíochta i dtíortha atá i mbéal forbartha agus, an tráth céanna, na hiarmhairtí diúltacha a bhíonn ag an luaineacht i bpraghsanna bia do na daoine is boichte sna tíortha sin a laghdú go suntasach. Rachadh freagairt ó earnáil an tsoláthair chun leasa freisin an Chomhphobail d'fhonn an brú atá ann faoi láthair ar phraghsanna talmhaíochta a mhaolú.

(10) Tá roinnt ionstraimí ar fáil ag an gComhphobal atá dírithe ar chúnamh um fhorbairt ag a bhfuil peirspictíocht fadtéarmach, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe do chomhair um fhorbairt ([1]), agus Ciste Forbraíochta na hEorpa, lena dtugtar COF do thíortha na hAifric, Mhuir Chairib agus Aigéin Chiúin (ACC) agus do Thíortha agus Críocha thar Lear (TCLanna) (dá ngairfear 'an CFE' anseo feasta), a sceidealaíodh le déanaí i gcomhréir le tosaíochtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha forbartha na dtíortha incháilithe. Dá ndéanfaí athsceidealú mórscála faoi na hionstraimí sin chun freagairt a thabhairt ar ghéarchéim ghearrthéarmach chuirfí cothromaíocht agus comhleanúnachas na straitéisí atá ann faoi láthair don chomhar leis na tíortha sin i mbaol. Tá Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cúnamh daonnúil ([2]) ar fáil don Chomhphobal freisin chun cúnamh éigeandála a thabhairt mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1717/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta ([3]).

(11) Rinneadh na hionstraimí sin a úsáid nó a athchlárú a mhéid a d'fhéadfaí in 2008, áfach, chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag staid luaineach na bpraghsanna bia i dtíortha atá i mbéal forbartha. D'fhéadfaí an rud céanna a dhéanamh in 2009, ar scála an-teoranta; b'fhada a bheadh sé, áfach, ó fhreagairt leordhóthanach a thabhairt ar na riachtanais.

(12) Mar thoradh air sin, ní foláir saoráid shonrach um maoiniú a ghlacadh, mar chomhlánú ar na hionstraimí um maoiniú seachtrach atá ann cheana chun bearta práinneacha, forlíontacha a ghlacadh a dhíreoidh go pras ar na hiarmhairtí a bhíonn sna tíortha atá i mbéal forbartha ag staid luaineach reatha na bpraghsanna bia.

(13) Ba cheart an cúnamh faoin Rialachán seo a bhainistiú ar chaoi a chuirfeadh le soláthar an bhia do na pobail áitiúla.

(14) Ba cheart go mbeadh na bearta a ghlacfaí leis an tsaoráid maoiniú seo ina gcuidiú do na tíortha atá i mbéal forbartha chun a dtáirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú sna séasúir atá le teacht, chun freagairt thapa a thabhairt ar riachtanais láithreacha na dtíortha agus a bpobail agus chun na chéad chéimeanna is gá a thabhairt chun cásanna eile d'easpa sábháilteachta an tsoláthair bia a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, agus chun cur freisin le maolú na n-éifeachtaí a bheidh ag na praghsanna luaineacha bia ar bhonn domhanda, chun sochair na ndaoine is boichte amuigh, chun sochair na bhfeirmeoirí beaga agus freisin chun sochair thomhaltóirí agus fheirmeoirí na hEorpa.

(15) I ngeall ar chineál na mbeart dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, caithfear nósanna imeachta cinnteoireachta a bheidh éifeachtúil, solúbtha, trédhearcach agus tapaidh a bhunú chun iad a mhaoiniú, agus caithfidh comhar láidir a bheith idir na hinstitiúidí uile lena mbaineann.

(16) Ní mór comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú idir bearta gearrthéarmacha arb éard is aidhm leo faoiseamh a thabhairt do na pobail is mó a ndeachaigh na praghsanna ardaitheacha agus/nó luaineacha go díreach agus go tromchúiseach i gcion orthu agus bearta ar mó de chineál struchtúrtha iad a bheartaítear chun cosc a chur ar atarlú na géarchéime reatha sa soláthar bia.

([1]) IO L 378, 27.12.2006, lch. 41.

([2]) IO L 163, 2.7.1996, lch. 1.

([3]) IO L 327, 24.11.2006, lch. 1.

(17) Is gá foráil a dhéanamh go gcosnófaí leasanna airgeadais an Chomhphobail i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ([1]), Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile ([2]) agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ([3]).

(18) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta atá de dhíth, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(19) Na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([4]).

(20) Cuirfear na hionstraimí éagsúla um fhorbairt agus an tsaoráid maoinithe sin i bhfeidhm ionas go n-áiritheofar comhleanúnachas an chomhair, go háirithe maidir leis an athrú ó fhreagairt éigeandála go freagairt ar bhonn meántéarmach agus fadtéarmach. Ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo le straitéis fhadtéarmach chun rannchuidiú le sábháilteacht an tsoláthair bia i dtíortha atá i mbéal forbartha, bunaithe ar a gcuid riachtanas féin agus ar a gcuid pleananna féin.

(21) Ionas go n-áiritheofar go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach agus ós rud é go bhfuil práinn leo, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Maoineoidh an Comhphobal bearta a bheidh dírithe ar thacaíocht a thabhairt do fhreagairt thapa agus dhíreach ar na praghsanna luaineacha bia i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus díreofar go príomha ar an tréimhse idir cúnamh éigeandála agus comhar um fhorbairt, ar bhonn meántéarmach agus fadtéarmach.

2. Rachaidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 chun sochair na dtíortha atá i mbéal forbartha, mar atá sainithe ag Coiste um Chúnamh Forbraíochta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD/DAC), agus chun sochair a bpobal, i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas.

Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Maoineoidh sé tionscnaimh airgeadais a thacóidh le haidhm agus le cuspóirí an Rialacháin seo.

3. Cibé uair is indéanta sin, déanfar na cláir ghníomhaíochta arna gcur chun feidhme ag eintitis atá incháilithe do chistiú faoi Airteagal 4(1) a tharraingt suas i gcomhairle le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus beidh na heagraíochtaí sin rannpháirteach i gcur chun feidhme na dtionscadal arna gcistiú tríd an tsaoráid maoinithe sin.

4. D'fhonn an leas is fearr a bhaint as áirgiúlacht agus tionchar an Rialacháin seo, díreofar na hacmhainní ar liosta teoranta de spriocthíortha ardtosaíochta a aithneofar ar bhonn tacar critéar a leagtar síos san Iarscríbhinn, agus i gcomhar le deontóirí agus le comhpháirtithe eile forbraíochta trí mheasúnú ábhartha ar riachtanais a chuirfidh eagraíochtaí speisialaithe agus idirnáisiúnta ar fáil amhail eagraíochtaí chóras na NA i gcomhairle le tíortha comhpháirtíochta.

5. Ionas go n-áiritheofar go mbeidh cúnamh an Chomhphobail comhleanúnach agus éifeachtach, i gcás gur clár de chineál réigiúnach nó trasteorann a bheidh le cur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2), go bhféadfaidh pobail i dtíortha eile atá i mbéal forbartha ach nach bhfuil sa réigiún sin leas a bhaint as an gclár atá i gceist.

6. I gcás ina mbeidh tacaíocht le cur ar fáil do bhearta a chuirfidh eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha, chun feidhme, roghnóidh an Coimisiún na heagraíochtaí sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2) agus ar bhonn a mbreisluacha, a mbuntáiste chomparáidigh agus de réir a gcumas cláir a chur chun feidhme ar shlí thapa agus éifeachtúil mar fhreagairt ar shainriachtanais na spriocthíortha atá i mbéal forbartha maidir le cuspóirí an Rialacháin seo.

*Airteagal 2*

**Cuspóirí agus Prionsabail**

1. Is iad na príomhchuspóirí don chúnamh agus don chomhar faoin Rialachán seo:

(a) freagairt dhearfach i ndáil le soláthar a spreagadh ón earnáil talmhaíochta sna spriocthíortha agus sna spriocréigiúin;

(b) tacú le gníomhaíochtaí chun freagairt thapa, dhíreach a thabhairt chun na hiarmhairtí diúltacha a bhíonn ag praghsanna luaineacha bia ar phobail áitiúla a mhaolú, rud a bheadh ag teacht le cuspóirí sabháilteachta domhanda sa soláthar bia, lena n-áirítear caighdeáin na NA maidir le ceanglais chothaithe;

---

([1]) IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.
([2]) IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.
([3]) IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.
([4]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

(c) acmhainní táirgeachta agus rialachas na hearnála talmhaíochta a neartú chun inbhuanaitheacht na n-idirghabhálacha a fheabhsú.

2. Saothrófar cur chuige difreáilte ag brath ar chomhthéacsanna forbartha agus ag brath ar an iarmhairt a bhíonn ag praghsanna luaineacha bia ionas go soláthrófar tacaíocht shonrach, shaincheaptha, dea-oiriúnaithe, bunaithe ar a gcuid riachtanas féin, ar a gcuid straitéisí féin, ar a gcuid tosaíochtaí féin agus ar a gcuid inniúlachtaí freagartha féin do na spriocthíortha nó do na spriocréigiúin agus dá bpobail.

3. Na bearta a dtabharfar tacaíocht dóibh faoin Rialachán seo, déanfar iad a chomhordú leis na bearta a dtabharfar tacaíocht dóibh faoi ionstraimí eile, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1257/96, Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 1717/2006 agus Comhaontú Comhpháirtíochta an ACC-AE ([1]), chun go n-áiritheofar comhleanúnachas an chomhair, go háirithe maidir leis an athrú ó fhreagairt éigeandála go freagairt ar bhonn meántéarmach agus fadtéarmach.

4. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na bearta a ghlacfar faoin Rialachán seo comhsheasmhach le réim foriomlán straitéiseach an Chomhphobail don tír incháilithe nó do na tíortha incháilithe lena mbaineann.

*Airteagal 3*

**Cur chun feidhme**

1. Cuirfear cúnamh Comhphobail agus comhar Comhphobail chun feidhme trí thacar cinntí chun bearta tacaíochta atá tuairiscithe in Airteagal 1, mír (1), mír (2) agus mír (3) a mhaoiniú, agus glacfaidh an Coimisiún iad, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2). I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2), tíolacfaidh an Coimisiún plean foriomlán maidir le húsáid na saoráide maoinithe sin, lena n-áirítear liosta na spriocthíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus an chothromaíocht idir na heintitis incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 4(2). Tabharfaidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a thuairim maidir leis an bplean foriomlán roimh an 1 Bealtaine 2009.

2. Agus aird á tabhairt ar choinníollacha sonracha ar leibhéal na tíre, is iad seo a leanas na bearta tacaíochta a fhéadfar a chur chun feidhme:

(a) bearta chun rochtain a fheabhsú ar ionchuir talmhaíochta agus ar sheirbhísí talmhaíochta, lena n-áirítear leasacháin agus síolta, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoráidí áitiúla agus ar infhaighteacht;

(b) bearta sábháilteachta a dhíreofar ar an acmhainn táirgeachta talmhaíochta a chothabháil nó a fheabhsú, agus lena dtabharfar aghaidh ar na riachtanais bia is bunúsaí atá ag na pobail is leochailí, lena n-áirítear na leanaí;

(c) bearta eile ar mhionscála a bhfuil sé d'aidhm acu táirgeacht a mhéadú ar bhonn riachtanais na tíre: mionchreidmheas, infheistíocht, trealamh, bonneagar agus stóráil; mar aon le gairmoiliúint agus tacaíocht do ghrúpaí gairmiúla san earnáil talmhaíochta.

3. Beidh cur chun feidhme na mbeart tacaíochta sin i gcomhréir leis an nDearbhú i dtaca le hÉifeachtacht an Chúnaimh arna nglacadh ag an bhFóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht Cabhrach, a tionóladh i bPáras, an 2 Márta 2005 (an 'Dearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht Cabhrach') agus leis an gClár Oibre don Ghníomhaíocht arna nglacadh ag an bhFóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht Cabhrach, a tionóladh in Accra, an 4 Méan Fomhair 2008 ('Clár Oibre Accra don Ghníomhaíocht'). Beidh sé dírithe ar fheirmeacha beaga agus meánmhéide sa talmhaíocht bia a bhíonn á reachtáil ag teaghlaigh agus chun bia a tháirgeadh, go háirithe iad siúd a bhíonn á reáchtáil ag mná, agus beidh sé dírithe freisin ar na pobail bheaga is mó atá thíos leis an ngéarchéim bia, agus seachnófar aon saobhadh a dhéanamh ar mhargaí áitiúla ná ar tháirgeacht áitiúil; ceannófar, a mhéid is féidir, na hionchair talmhaíochta agus na seirbhísí talmhaíochta go háitiúil.

4. Féadfar bearta riaracháin tacaíochta lena gcomhlíontar cuspóirí an Rialacháin seo a mhaoiniú go dtí 2 %, ar a mhéid, den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 12.

*Airteagal 4*

**Incháilitheacht**

1. Is éard a bheidh sna heintitis a bheidh incháilithe do mhaoiniú, sa mhéid a rannchuidíonn a gcláir le spriocanna an Rialacháin seo:

(a) tíortha comhpháirtíochta agus réigiúin chomhpháirtíochta, agus a n-institiúidí;

(b) comhlachtaí díláraithe sna tíortha comhpháirtíochta, amhail bardais, cúigí, ranna agus réigiúin;

(c) comhchomhlachtaí arna mbunú ag na tíortha comhpháirtíochta agus ag na réigiúin chomhpháirtíochta in éineacht leis an gComhphobal;

(d) eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha, comhlachtaí, ranna agus misin NA, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus bainc forbartha;

(e) institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail chun críocha na bearta tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a chur chun feidhme agus chun na críocha sin amháin;

(f) gníomhaireachtaí an AE;

([1]) Comhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 (IO L 317, 15.12.2000, lch. 3).

(g) na heintitis agus na comhlachtaí seo a leanas de chuid na mBallstát, na dtíortha comhpháirtíochta agus na réigiún comhpháirtíochta agus de chuid aon tríú tír eile a chomhlíonann na rialacha maidir le rochtain ar chúnamh seachtrach an Chomhphobail mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006, sa mhéid go gcabhraíonn siad le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach:

(i) comhlachtaí poiblí nó paraphoiblí, údaráis áitiúla agus cuibhreannais áitiúla nó a gcomhlachais ionadaíocha;

(ii) cuideachtaí, gnólachtaí agus eagraíochtaí agus gnóthaí príobháideacha eile;

(iii) institiúidí airgeadais a dheonaíonn infheistíocht phríobháideach i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin chomhpháirtíochta nó a dhéanann í a chur chun cinn nó a mhaoiniú;

(iv) gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad a oibríonn ar bhonn neamhspleách agus cuntasach;

(v) daoine nádúrtha.

2. Cuirfear cothromaíocht iomchuí i bhfeidhm agus acmhainní á leithdháileadh idir na comhlachtaí a liostaítear i mír 1(d) den Airteagal seo agus eintitis incháilithe eile.

*Airteagal 5*

**Cineálacha an mhaoinithe**

Féadfaidh maoiniú Comhphobail a bheith i gceann amháin de na foirmeacha seo a leanas:

(a) tionscadail agus cláir;

(b) tacaíocht bhuiséadach, go háirithe tacaíocht bhuiséadach earnála, má tá an bainistiú a dhéanann an tír chomhpháirtíochta ar a caiteachas poiblí sách trédhearcach, iontaofa agus éifeachtach, agus má chomhlíontar na coinníollacha do thacaíocht bhuiséadach a leagtar amach san ionstraim ábhartha um maoiniú geografach;

(c) ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisúnta nó réigiúnacha agus le cistí idirnáisiúnta atá á mbainistiú ag eagraíochtaí den sórt sin;

(d) ranníocaíochtaí le cistí náisiúnta arna mbunú ag tíortha comhpháirtíochta agus réigiúin chomhpháirtíochta chun maoiniú comhpháirteach a mhealladh ó roinnt deontóirí, nó ranníocaíochtaí le cistí arna mbunú ag deontóir amháin nó ag breis agus deontóir amháin chun críche tionscadail a chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach;

(e) maoiniú comhpháirteach le heintitis atá incháilithe do mhaoiniú mar a shainmhínítear in Airteagal 4.

(f) cistí a chuirtear ar fáil don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BIE) nó d'idirghabhálaithe eile airgeadais ar bhonn chláir an Choimisiúin chun iasachtaí a chur ar fáil (go háirithe chun tacú le hinfheistíocht san earnáil phríobháideach agus lena forbairt), caipiteal riosca (i bhfoirm fo-iasachtaí nó iasachtaí coinníollacha) nó sealúchais mhionlacha shealadacha eile i gcaipiteal gnó, agus ranníocaíochtaí le cistí ráthaíochta i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006, a mhéid a bheidh riosca airgeadais an Chomhphobail teoranta do na cistí sin.

*Airteagal 6*

**Nósanna imeachta maoinithe agus bainistíochta**

1. Bearta a mhaoinítear faoin Rialachán seo, cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ([1]), agus arna chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, gur bearta géarchéime iad na bearta atá le glacadh.

2. I gcás ina mbeidh maoiniú comhpháirteach i gceist agus i gcásanna eile a mbeidh údar maith leo, féadfaidh an Coimisiún cúraimí a bhaineann le húdarás poiblí, agus go háirithe cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid, a chur ar iontaoibh na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 54(2)(c) de Rialachán (EC, Euratom) Uimh. 1605/2002.

3. I gcás ina mbeidh bainistiú díláraithe i gceist, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go n-úsáidfear nós imeachta soláthair nó deontais na tíre comhpháirtíochta tairbhíche nó an réigiúin chomhpháirtíochta tairbhíoch, tar éis a fhíorú go bhfuil na critéir ábhartha a leagtar amach i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002, á n-urramú acu, agus ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 á gcomhlíonadh.

4. Ní bhainfear úsáid, i bprionsabal, as cúnamh Comhphobail chun cánacha, dleachtanna ná táillí i dtíortha incháilithe a íoc.

5. Beidh rannpháirtíocht sna nósanna imeachta conarthacha iomchuí oscailte do gach duine nádúrtha agus do gach duine dlítheanach atá incháilithe de bhun na hionstraime um fhorbairt gheografach is infheidhme maidir leis an tír ina ndéanfar an ghníomhaíocht agus do gach duine nádúrtha agus do gach duine dlítheanach atá incháilithe de bhun rialacha eagraíocht idirnáisiúnta an chur chun feidhme, agus cúram á ghlacadh chun a áirithiú go gcaithfear go comhionann leis na deontóirí go léir. Beidh na rialacha céanna infheidhme maidir le soláthairtí agus ábhair. Féadfaidh aon náisiúntacht a bheith ag na saineolaithe.

([1]) IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

*Airteagal 7*

**Gealltanais bhuiséadacha**

Déanfar gealltanais bhuiséadacha ar bhonn cinntí a bheidh déanta ag an gCoimisiún.

*Airteagal 8*

**Leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint**

1. Beidh ar áireamh in aon chomhaontú airgeadais a eascróidh ó chur chun feidhme an Rialacháin seo forálacha lena n-áiritheofar go gcosnófar leasanna airgeadais an Chomhphobail, go háirithe maidir le neamhréireachtaí, calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. Leis na comhaontuithe, tabharfar cead go sainráiteach don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, lena n-áirítear iniúchtaí ar dhoiciméid nó iniúchtaí ar an láthair ar aon chonraitheoir nó ar aon fhochonraitheoir a mbeidh maoiniú Comhphobail faighte aige. Údarófar an Coimisiún go sainráiteach leo freisin seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh faoi mar a fhoráiltear i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96.

3. Leis na conarthaí go léir a eascróidh as cur chun feidhme an chúnaimh, áiritheofar cearta an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúchóirí faoi mhír 2 den Airteagal seo le linn agus tar éis na conarthaí a bheith á bhfeidhmiú.

*Airteagal 9*

**Infheictheacht an Aontais Eorpaigh**

Conarthaí a dhéanfar de bhua an Rialacháin seo, beidh forálacha sonracha iontu lena n-áiritheofar infheictheacht chuí an Aontais Eorpaigh sna gníomhaíochtaí go léir a dhéanfar ar bhonn na gconarthaí sin.

*Airteagal 10*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo, trí mheastóireachtaí seachtracha neamhspleácha, i gcás inarb iomchuí, chun a fháil amach ar comhlíonadh na cuspóirí agus chun go bhféadfaidh sé moltaí a dhéanamh d'fhonn oibríochtaí comhair um fhorbairt sa todhchaí a fheabhsú. Tabharfar aird chuí ar thograí ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle maidir le meastóireachtaí seachtracha neamhspleácha.

2. Seolfaidh an Coimisiún a thuarascálacha meastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 13, mar eolas. Féadfaidh Ballstáit a iarraidh go bpléifí meastóireachtaí sonracha sa choiste sin.

3. Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n-áirítear gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad agus údaráis áitiúla, páirteach i gcéim mheastóireachta an chúnaimh Chomhphobail a fhoráiltear faoin Rialachán seo.

*Airteagal 11*

**Tuairisciú**

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, faoin 31 Nollaig 2012 ar a dhéanaí, maidir le cur chun feidhme na mbeart, lena n-áirítear, a mhéid is féidir, príomhthorthaí agus tionchair an chúnaimh a fhoráiltear faoin Rialachán seo. I Nollaig 2009, cuirfidh an Coimisiún an chéad tuarascáil eatramhach ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na bearta a bheidh déanta. Sna tuarascálacha a luaitear san Airteagal seo, tabharfar aird ar leith ar na ceanglais atá i nDearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht Cabhrach agus ar na ceanglais atá i gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht.

*Airteagal 12*

**Forálacha airgeadais**

Is EUR 1 billiún a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais iomlán chun an Rialachán seo a chur chun feidhme in imeacht na tréimhse 2008-2010.

*Airteagal 13*

**An Coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste arna bhunú le hAirteagal 35(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

3. Is 10 lá oibre a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE maidir le bearta a ghlacfar go dtí an 30 Aibreán 2009, agus is 30 lá a bheidh i gceist maidir le bearta a ghlacfar ina dhiaidh sin.

*Airteagal 14*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2010.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 16 Nollaig 2008.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | B. LE MAIRE |

*IARSCRÍBHINN*

Critéir tháscacha chun spriocthíortha a roghnú agus chun acmhainní airgeadais a leithdháileadh:

— Leibhéil na bochtaineachta agus riachtanais iarbhír na bpobal

— Athruithe i bpraghsanna bia agus an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith acu:

  — An méid a bhítear ag brath ar allmhairí bia

  — Leochaileacht shóisialta agus cobhsaíocht pholaitiúil

  — Na héifeachtaí maicreacnamaíocha a bhíonn ag athruithe i bpraghsanna bia

— Cumas na tíre freagairt a thabhairt agus bearta freagartha iomchuí a chur chun feidhme

  — Cumas táirgeachta na talmhaíochta

  — Stóinseacht i gcás suaití seachtracha

Beidh leithdháiltí táscacha airgeadais do thíortha bunaithe ar chritéir roghnúcháin na spriocthíre agus cuirfear daonra na spriocthíre san áireamh.

Tabharfar aird freisin ar fhoinsí eile maoinithe a bheidh ar fáil don spriocthír, sa ghearrthéarma, ón bpobal deontóra, chun freagairt a thabhairt ar athruithe i bpraghsanna bia.